Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10080/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0180(NLE)**

**ACP 76**
**FIN 651**
**PTOM 7**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 265 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 265 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 265 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.6.2022
COM(2022) 265 final

2022/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2022**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Baineann an togra le dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir leis an dara tráthchuid de na ranníocaíochtaí airgeadais leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (‘CEF’) in 2022.

Bainistítear an 11ú CEF agus cistí eile CEF atá fós oscailte (is é sin an Naoú agus an 10ú CEF) faoin tacar rialacha seo a leanas:

(a) an Comhaontú Comhpháirtíochta atá ann faoi láthair idir baill Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (‘ACC’) ar thaobh amháin, agus an Comhphobal Eorpach gona Bhallstáit ar an taobh eile (an ‘Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE’) arna leasú go deireanach[1];

(b) Cinneadh Uimh. 2/2020[2] ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 4 Nollaig 2020 chun Cinneadh Uimh. 3/2019[3] ó Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE chun síneadh breise a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go dtí an 30 Samhain 2021, nó go dtí go dtiocfaidh Comhaontú ACC-AE nua (‘an Comhaontú nua’) i bhfeidhm, nó go ndéanfar an Comhaontú nua a chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Stáit ACC, cibé acu is túisce;

(c) Cinneadh (AE) 2020/2233 ón gComhairle a bhaineann le gealltanas na gcistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9ú, faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[4];

(d) An Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear lena mbaineann Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[5] (‘Comhaontú Inmheánach’ an 11ú CEF);

(e) Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[6] (‘Rialachán Airgeadais an 11ú CEF’).

Is éard atá sna doiciméid dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) gealltanais ilbhliantúla ó na páirtithe in CEF chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do Chisteán CEF. Déantar foráil i Rialachán Airgeadais an 11ú CEF maidir le ranníocaíochtaí tráthrialta a bheidh le déanamh ag na páirtithe in CEF le cisteán CEF in aghaidh gealltanais airgeadais réamhchinntithe. Is de

---

1 IO L 317, 15.12.2000, lch. 3
2 IO L 420, 14.12.2020, lch. 32
3 IO L 1, 3.1.2020, lch. 3
4 IO L 437, 28.12.2020, lgh. 188-191
5 IO L 210, 6.8.2013, lch. 1
6 IO L 307, 3.12.2018, lgh. 1-21

bharr Cinntí teicniúla ón gComhairle a dhéantar na ranníocaíochtaí tráthrialta, agus cuirtear san áireamh sna Cinntí sin cur chun feidhme na ngealltanas airgeadais a cinneadh cheana.

Dá bhrí sin, níl roinnt ceannteideal sa mheabhrán míniúcháin infheidhme maidir le glaonna ar ranníocaíochtaí tráthrialta amhail an ceann seo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán Airgeadais an 11ú CEF, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh faoin togra seo tráth nach déanaí ná 21 lá féilire tar éis don Choimisiún Eorpach, ag feidhmiú dó thar ceann an Aontais Eorpaigh, an togra seo a chur i láthair.

2022/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2022

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear lena mbaineann Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[7], agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhar le hAirteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle[8] an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[9], agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle, tá an Coimisiún Eorpach le togra a chur i láthair faoin 15 Meitheamh 2022 lena sonrófar méid an dara tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2022 agus méid bliantúil athbhreithnithe na ranníocaíochta le haghaidh 2022, i gcás nach mbeidh an méid ag teacht leis na riachtanais iarbhír.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta ('BEI') le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, foráiltear go n-ídeofar ar dtús, agus glaonna á ndéanamh ar ranníocaíochtaí, na méideanna dá bhforáiltear i gCistí Eorpacha Forbraíochta ('CEF') roimh an CEF reatha. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 le haghaidh BEI agus le haghaidh an Choimisiúin.

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an comhaontú um tharraingt

---

[7] IO L 210, 6.8.2013, lch. 1

[8] Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, 3.12.2018, lch. 1.)

[9] IO L 58, 3.3.2015, lgh. 17-38

siar'), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an 'Ríocht Aontaithe') chun leanúint de bheith ina páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den chomhaontú um tharraingt siar, níl sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11úCEF i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020 nó faoi CEFanna roimhe sin le hathúsáid.

(5) Le Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle[10], socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta a bheidh le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2022 ag EUR 2 500 000 000[11] le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh agus ag EUR 300 000 000 le haghaidh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ranníocaíochtaí aonair an Chiste Eorpaigh Forbraíochta, mar an dara tráthchuid le haghaidh 2022, íocfaidh na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta iad, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

10 Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle an 9 Samhain 2021 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn le haghaidh 2023, an méid bliantúil le haghaidh 2022, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2022 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025 (IO L 396, 10.11.2021, lch. 61).

11 Rialachán (AE) 2018/1877 an 26 Samhain 2018 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, 3.12.2018, lch. 1), Airteagal 20(5): 'I gcás ina gcuirtear ús diúltach i bhfeidhm maidir leis an gcuntas dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, ar a dhéanaí ar dháta íoctha gach tráthchoda dá dtagraítear in Airteagal 19, méid a chur do shochar an chuntais, méid a chomhfhreagraíonn do mhéid an úis dhiúltaigh sin a cuireadh i bhfeidhm go dtí an chéad lá den mhí roimh íoc na tráthchoda.'